Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

C/2025/2621

19.5.2025

GA Sraith C

Achoimre ar Chinntí ón gCoimisiún Eorpach maidir le húdaruithe chun substaintí a liostaítear in Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH) a chur ar an margadh le haghaidh a n-úsáide agus/nó iad a úsáid

(Arna foilsiú de bhun Airteagal 64(9) de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 [1])

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/2621)

Cinneadh lena ndeonaítear údarú

Uimhir thagartha an Chinnidh [1]	Dáta an chinnidh	Ainm na substainte	Sealbhóir an údaraithe	Uimhir an údaraithe	Úsáid údaraithe	Dáta éaga na tréimhse athbhreithniúcháin	Na cúiseanna atá leis an gcinneadh
C(2025) 2702	12 Bealtaine 2025	trí-ocsaíd chróimiam (Uimh. CE 215-607-8; Uimh. CAS 1333-82-0)	Thoma Metallveredelung GmbH, Achstrasse 14, 87751 Heimertingen, Bayern, an Ghearmáin	REACH/25/26/0	Plátáil chróim fheidhmiúil le haghaidh sorcóirí tolla agus páirteanna a bhfuil ballaí tanaí acu, comhpháirteanna atá siméadrach go rothlach le haghaidh hiodrálaice, comhpháirteanna simplí atá siméadrach go rothlach le haghaidh úsáidí eile, comhpháirteanna ag a bhfuil geoiméadracht chasta agus páirteanna breise	An 23 Lúnasa 2029	I gcomhréir le hAirteagal 60(4) de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006, na sochair shocheacnamaíocha a bhaineann le húsáid na substainte, is mó iad ná an baol do shláinte an duine agus don chomhshaol a bhaineann leis an úsáid chéanna, agus níl aon substaint ná teicneolaíocht mhalartach ann a bheadh oiriúnach.

([1]) Tá an cinneadh le fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin Eorpaigh ag: Údarú (europa.eu)

([1]) IO L 396, 30.12.2006, lch. 1.

ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/2621/oj